Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7115/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0041(NLE)**

**JAI 326**
**COPEN 49**
**EPPO 2**
**GAF 6**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6436/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')<br>- Glacadh |

1. An 3 Márta, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'). Is é is aidhm don togra a shoiléiriú gurb é an Coimisiún atá freagrach as an nglao oscailte ar iarrthóirí do phost an Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpaigh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

2. Cuireadh an togra i láthair ag an gcruinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB (COPEN) an 3 Márta 2025 agus pléadh ina dhiaidh sin é ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) an 13 Márta 2025, áit nach ndearnadh aon agóid i gcoinne an togra.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur chun Feidhme thuasluaite a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7126/25 é.